AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2024
COM(2024) 603 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Seicia

{SWD(2024) 600 final} - {SWD(2024) 603 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Seicia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tháinig sé i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Is rud í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

---

1 IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

2 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj

(2) Is é is aidhm do Rialachán REPowerEU[3], arna ghlacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar acmhainneachtaí stórála, ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an tSeicia caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030'[4], chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus chun na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an Teachtaireacht an iomaíochas a bhunú ar naoi spreagadh a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus an margadh aonair na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, lean an Coimisiún an Teachtaireacht sin leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas[5]. Déantar cur síos sa tuarascáil ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha Mhargadh Aonair na hEorpa, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe[6], rud a chuir tús le timthriall 2024 an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024 d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tsuirbhé, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin sé inti go bhfuil an tSeicia ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh gá le grinn-athbhreithniú ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh a ghlac an Chomhairle an 12 Aibreán 2024, chomh maith leis an togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a ghlac an Chomhairle an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Cuimsítear sa chreat an Rialachán nua ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle. Cuimsítear ann freisin Rialachán (CE) Uimh. 1467/97

---

3 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj

4 COM(2023) 168 final.

5 COM(2024) 77 final.

6 COM(2023) 901 final.

leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme agus Treoir 2011/85/AE leasaithe maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[7]. Tá sé de chuspóirí ag an gcreat nua inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus fás inbhuanaithe cuimsitheach a bhaint amach trí chomhdhlúthú fioscach céimnitheach mar aon le hathchóirithe agus infheistíochtaí. Cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ba cheart do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta atá ag Ballstát, tá a ghealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 bliana nó 5 bliana, de réir fhad rialta an reachtais náisiúnta. Ba cheart an chonair ghlanchaiteachais[8] sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe ar a dhéanaí, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % de OTI, agus an t-easnamh rialtais a thabhairt faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, nó é a choinneáil faoi bhun an luacha sin. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, féadfar síneadh 3 bliana ar a mhéad a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, an [21 Meitheamh] 2024, treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le hábhar na bpleananna agus na dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a eiseofar ina dhiaidh sin a bheidh orthu a chur isteach agus, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, tarchuirfidh sé chucu treoir theicniúil maidir leis na coigeartuithe fioscacha (conairí tagartha agus faisnéis theicniúil, i gcás inarb infheidhme). Ba cheart do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a bparlaimintí náisiúnta rannpháirteach, agus go rachfar i gcomhairle le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha, le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara náisiúnta eile, de réir mar is iomchuí.

(6) In 2024 tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go

---

[7] Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj) agus Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

[8] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj). Ciallaíonn glanchaiteachas caiteachas rialtais atá glan ar (i) chaiteachas úis, (ii) bearta lánroghnacha ioncaim, (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

héifeachtach ar na ndúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 1 Meitheamh 2021, chuir an tSeicia a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 8 Meán Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia[9], a leasaíodh an 16 Deireadh Fómhair 2023 de réir Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun an chaibidil REPowerEU a áireamh[10]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh ón gCoimisiún, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an tSeicia. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 24 Aibreán 2024, thíolaic an tSeicia a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus, an 30 Aibreán 2024, thíolaic sí a Clár um Chóineasú 2024, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na Seicia maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 maidir leis an tSeicia[11] an 19 Meitheamh 2024. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Seicia ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Seicia ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia (11047/2021).

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia (13383/2023).

11 SWD(2024) 603 final.

(10) Ar bhonn na sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat[12], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Seicia ó 3,2 % de OTI in 2022 go 3,7 % in 2023, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 44,2 % de OTI ag deireadh 2022 go 44,0 % ag deireadh 2023. Mar a fógraíodh sa treoraíocht maidir leis an mbeartas fioscach le haghaidh 2024[13], tá an chéad chéim á tógáil ag an gCoimisiún i dtreo tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair. An 19 Meitheamh 2024 ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE[14]. Rinneadh measúnú ar staid bhuiséadach na tSeicia sa tuarascáil sin, ós rud é gur mhó a heasnamh ginearálta rialtais in 2023 ná an luach tagartha, arb é 3 % den OTI é. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais mar a bhunaítear faoi Airteagal 126(4) CFAE a mheas, nach molfaidh an Coimisiún i mí Iúil tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach le haghaidh na Seicia.

(11) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle[15] go ndéanfadh an tSeicia gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeadh fás an chaiteachais reatha phríomhúil a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[16], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. Moladh don tSeicia a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don tSeicia freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[17] crapthach, faoi 0,9 % de OTI, i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh rannchuidiú crapthach 0,7 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costas laghdaithe na mbeart tacaíochta éigeandála spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí ó thaobh méaduithe 0,1 % de OTI ar phraghsanna fuinnimh. Áirítear leis sin freisin costais níos ísle chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine

---

12 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2024.

13 COM(2023) 141 final.

14 Tuarascáil ón gCoimisiún arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 19.6.2024, COM(2024) 598 final.

15 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Seicia agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cóineasaithe 2022 de chuid na Seicia IO C 334, 1.9.2022, lch. 19.

16 Ar bhonn Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 10,5 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa tSeicia in 2023, agus úsáidtear sin chun an staid fhioscach a thomhas, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

17 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

easáitithe ón Úcráin (0,1 % de OTI). Mar achoimre, bhí fás réamh-mheasta an chaiteachais reatha phríomhúil a mhaoinítear go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Is éard a bhí i gceist le caiteachas arna mhaoiniú le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais 1,1 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 4,4 % de OTI in 2023, is é sin méadú 0,5 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an tSeicia infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh an tSeicia infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, amhail athchóirithe fuinneamhéifeachtúla agus suiteáil foinsí in-athnuaite fuinnimh, nuachóiriú agus sábháilteacht mhéadaithe na n-iarnród agus ullmhú tionscadal maidir le leictriú, cosaint ar thuilte agus coinneáil uisce i dtailte agus i mbardais, tionscadail cuideachtaí ón tSeicia atá dírithe ar an tomhaltas uisce a laghdú agus réitigh chiorclacha a chur i bhfeidhm le haghaidh gnólachtaí, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha sa taighde agus nuálaíocht, nó soláthar gaireas digiteach le haghaidh scoileanna, rudaí a chistítear go páirteach leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(12) Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhréamh-mheastacháin i gClár Cobhsaíochta 2024 mar a leanas. Sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tuartar go bhfásfaidh an fíor-OTI 1,4 % in 2024 agus 2,6 % in 2025, agus tuartar boilsciú ICPT 2,7 % in 2024 agus 2,4 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,3 % de OTI in 2024 agus go seasfaidh sé ag 2,1 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 45,5 % faoi dheireadh 2024 agus go 46,4 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an easnamh rialtais ghinearálta go 1,6 % de OTI in 2026, agus go 1,2 % in 2027. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an comhardú rialtais ghinearálta faoi bhun an luach tagartha easnaimh, 3 % de OTI, thar thréimhse an chláir. Dá réir sin, tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 47,1 % in 2026 agus go gcobhsóidh sé in 2027.

(13) Tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 1,2 % in 2024 agus 2,8 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú ICPT ag 2,5 % in 2024 agus 2,2 % in 2025.

(14) Tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 2,4 % de OTI le haghaidh 2024, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 45,2 % faoi dheireadh 2024. Is léiriú é an laghdú ar an easnamh in 2024 ar tharraingt siar na mbeart a ndearnadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú den chuid is mó, agus ar chur chun feidhme pacáiste comhdhlúthaithe. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach crapthach faoi 2,3 % de OTI in 2024.

(15) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,5 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha (‘deontais’) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2024, i gcomparáid le 0,4 % de OTI in 2023, de réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiacha na Seicia. Meastar, le hiasachtaí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2024, go dtacófar le caiteachas ar fiú 0,1 % de OTI é, i gcomparáid le 0 % de OTI in 2023, de réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún.

(16) An 14 Iúil 2023 mhol an Chomhairle[18] don tSeicia beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe tríd an méadú ainmniúil ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta[19] in 2024 a theorannú go méid nach mó ná 6,0 %. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a mbuiséid le haghaidh 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh bunaithe ar na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023._De réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú 1,1 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na Seicia a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, rud atá faoi bhun an uasráta fáis atá molta. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(17) Thairis sin, mhol an Chomhairle don tSeicia gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh, agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Shonraigh an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don tSeicia a áirithiú go spriocdhírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 1,2 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach[20] na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é -0,2 % a bheidh ann in 2024, agus 0,0 % in 2025. Go háirithe, glactar leis go bhfanfaidh an cháin ar bhrabús amhantair i bhfeidhm in 2024 agus in 2025[21]. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as na réamh-mheastacháin sin go mbeidh coigeartú fioscach 1,4 % de OTI ann in 2024, ach soláthraítear rannchuidiú crapthach ó ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta[22] leis an staid fhioscach 2,2 % de OTI sa bhliain sin. Meastar go ndéanfar na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Thairis sin, réamh-mheastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle freisin.

---

18 Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Seicia um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Seicia 2023, IO C 312, 1.9.2023, lch. 22.

19 Sainmhínítear glanchaiteachas príomhúil mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

20 Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

21 Na bearta a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh 2024, de réir na Seicia, glactar leis, i bprionsabal, i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún go mbeidh tionchar buiséadach acu freisin in 2025.

22 Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomhúil rialtais ghinearálta, glan ar (i) thionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) caiteachais aonuaire, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta agus (iv) caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha OTI ainmniúil sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

(18) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don tSeicia infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú uirthi go 4,2 % de OTI in 2024 ó 4,4 % de OTI in 2023. Is é is cúis leis an laghdú sin deireadh chlárthréimhse 2014-2020 de chistí struchtúracha an Aontais, a raibh cistí ar fáil ina leith go dtí 2023. Agus an toisc bhreise sin á cur san áireamh, meastar go n-urraimítear an moladh ón gComhairle leis an infheistíocht phoiblí in 2024. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go dtiocfaidh laghdú air go 1,0 % de OTI in 2024 ó 1,1 % de OTI in 2023. Is é is cúis leis an laghdú sin deireadh chlárthréimhse 2014-2020 de chistí struchtúracha an Aontais, a raibh cistí ar fáil ina leith go dtí 2023.

(19) Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 1,9 % de OTI in 2025. Meastar go dtiocfaidh méadú go 45,5 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025. An méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025, is léiriú é, den chuid is mó, ar an gcomhardú ceannlíne diúltach den chuid is mó, agus maolaítear é go páirteach le fás OTI ainmniúil.

(20) Tá laghdú tagtha ar chomhardú struchtúrach na Seicia ó ghar don chomhardú ar an meán le linn 2014-2019, go -2,9 % in 2023. Tharla sé sin mar gheall ar bhearta buana, amhail an laghdú ar cháin ioncaim phearsanta, agus an méadú ar shochair slándála sóisialta, lena n-áirítear innéacsú uathoibríoch pinsean ar bhoilsciú, nithe nár maoiníodh le fás ioncaim comhfhreagrach. Tá brú breise ar an inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma agus san fhadtéarma mar gheall ar an méadú ar chostas an aosaithe. In 2023, leasaigh an tSeicia an chéad cholún den chóras pinsean, lena n-áirítear innéacsú laghdaithe pinsean agus luathscor níos déine. Mar sin féin, gan athruithe breise, meastar go dtiocfaidh méadú thart ar 3 phointe céatadáin ar chaiteachas pinsin faoi 2060 mar gheall ar dhúbailt réamh-mheasta an chóimheasa cleithiúnais seanaoise[23], caidhpeáil na haoise scoir, agus líon ard daoine atá ag dul ar luathscor. Mura maoineofar é le fás comhfhreagrach ar ioncaim, d'fhéadfadh an t-ardú réamh-mheasta ar chaiteachas a bhaineann le haois na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach a mhéadú sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Molann an rialtas an aois scoir reachtúil a nascadh le hionchas saoil, agus moill a chur ar fhás na bpinsean nuadheonaithe. Dá gcuirfí chun feidhme na hathruithe sin, chuirfí feabhas ar inbhuanaitheacht fhioscach an chórais pinsean. Áirítear ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht fhioscach san fhadtéarma an soláthar lucht saothair a mhéadú trí dhreasachtaí a chur ar fáil chun rátaí rannpháirtíochta daoine atá thar aois an phinsin a mhéadú.

(21) Tá an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht á gcoinneáil siar de dheasca ganntanais oibrithe. D'fhéadfaí fostaíocht máithreacha a mhéadú, mar is léir ón bhfostaíocht íseal i measc na mban ar feadh roinnt blianta tar éis breith clainne. Chomh maith leis an easpa cúraim leanaí atá ar fáil, is díspreagadh é an córas cánach agus sochair ar an

[23] De réir Thuarascáil 2024 maidir le hAosú a d'eisigh an Coimisiún i mí Aibreáin 2024.

tuismitheoir atá ar ioncam níos lú, go háirithe máithreacha, ó fhilleadh ar an obair. Tréimhsí 3 bliana de shaoire thuismitheoireachta, inasbhaintí cánach arda do chéilí nach bhfuil ag obair agus sochair theaghlaigh lena ndreasaítear an tuismitheoir ar ioncam níos ísle chun tréimhsí fada saoire a thógáil, is díspreagadh iad do thuismitheoirí, go háirithe máithreacha, ó bheith ag obair nó ag lorg poist. Bhí an cánachas ar thuilleamh ó shaothar don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh os cionn mheán an Aontais in 2022, agus os cionn na dinge cánach do dhaoine aonair ar an leibhéal pá céanna. Dá spreagfaí an tuismitheoir ar ioncam níos ísle chun obair a dhéanamh nó chun post a lorg, thacófaí freisin le hioncam níos airde don chóras pinsean.

(22) Tá ioncam cánach foriomlán na Seicia i ndáil le OTI go mór faoi bhun mheán an Aontais in 2022 (35,3 % i gcomparáid le meán an Aontais de 40,2 %). Rogha chun tacú leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an inbhuanaitheacht fhioscach is ea an bonn cánach a leathnú trí sciar na gcánacha nach ndéanann an oiread céanna dochair don fhás a leathnú. Tá cánacha maoine athfhillteacha i measc na gcánacha is lú a dhéanann dochar don fhás, ach tá an t-ioncam ó chánachas maoine athfhillteach an-íseal ag 0,2 % de OTI i gcomparáid le meán an Aontais, 1,0 % de OTI (ó bhí 2022 ann). In ainneoin an mhéadaithe ar chánacha maoine athfhillteacha in 2024, tá an córas cánachais maoine athfhilltigh ar fhoirgnimh agus ar aonaid bunaithe ar achar na maoine, rud a fhágann go ngearrtar cánachas éagothrom ar mhaoine den luach céanna agus nach fhreagraítear d'athruithe ar luachanna maoine. Le córas luachála maoine a chur chun feidhme lena roghnaítear na luachanna maoine mar bhonn cánach, lena ndéantar luachanna maoine a ailíniú le luachanna margaidh agus lenar féidir na luachanna maoine a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, mhéadófaí éifeachtúlacht na cánach mar uirlis chun na méaduithe ar phraghsanna maoine a mhaolú, agus chun an úsáid is táirgiúla a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana. Dá réir sin, mhéadódh sé sin inacmhainneacht tithíochta agus cumas daoine gluaiseacht timpeall chun oibre, thacófaí le fás eacnamaíoch agus mhéadófaí an t-ioncam ó chánacha maoine athfhillteacha.

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na nithe sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a luaithe a ghlacfar í, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Seicia leis an aistriú glas agus an leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta a áirithiú an tráth céanna. Chun gealltanais an phlean a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don tSeicia leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme agus dlús a chur le hinfheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna atá ag teacht chun cinn agus cumas ionsúcháin á neartú an tráth céanna. Tá srian ar leith ar ionsú cistí téarnaimh agus athléimneachta mar gheall ar theorainneacha ar an acmhainneacht riaracháin ag cuid de na comhlachtaí cur chun feidhme. Tá sé sin le feiceáil go háirithe i réimsí a bhfuil gá acu le níos mó saineolais, amhail an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(24) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, tá sé de cheanglas ar an tSeicia gach clár a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an tSeicia maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin agus éagothromaíochtaí réigiúnacha nach beag ann fós. Tá Severozápad agus, go pointe níos lú, Moravskoslezko gafa i gaiste forbartha. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe, mar aon le hacmhainneacht riaracháin a neartú, go háirithe sna réigiúin sin. Tá na tosaíochtaí a comhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Go háirithe, tá gá le hacmhainneacht riaracháin na réigiún a fhorbairt, comhpháirtíocht eatarthu a fheabhsú, agus a n-úinéireacht a fheabhsú chun ionsú chistí an Aontais ag bardais bheaga, ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla a mhéadú. Ní mór infheistíochtaí lena dtacaítear le hiompar agus bonneagar uirbeach agus réigiúnach inbhuanaithe le haghaidh breoslaí malartacha a chur chun feidhme chun dlús a chur leis an aistriú glas, mar aon le húsáid mhéadaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le hinfheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus sa gheilleagar ciorclach. Tá sé tábhachtach na gníomhaíochtaí oiriúnaithe don athrú aeráide atá beartaithe a thabhairt chun críche, agus díriú ar bhearta coinneála uisce nádúrtha. Is tosaíocht é freisin dlús a chur le lánpháirtiú daoine a easáitíodh ón Úcráin atá faoi chosaint shealadach, lena n-áirítear ar an mhargadh saothair i gcomhréir lena scileanna. Tá sé ábhartha go fóill díriú ar thionchar na mbeart a bhaineann le grúpaí faoi mhíbhuntáiste, amhail na Romaigh.

(25) I gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma, is fiú aird níos mó a thabhairt ar an bhféidearthacht níos mó acmhainní ón earnáil phríobháideach a úsáid, go háirithe trí úsáid níos leithne a bhaint as ionstraimí airgeadais in éineacht le deontais. Le hionstraimí nuálacha den sórt sin is féidir úsáid a bhaint as níos mó infheistíocht príobháideach, go háirithe le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, réitigh fuinnimh ghlain agus forbairt gnó. Ba cheart acmhainneachtaí an Bhainc Forbartha Náisiúnta a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí chun ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme i gcláir beartais chomhtháthaithe. Agus uaillmhian na Seicia dul ar aghaidh ó leibhéal an mheán-nuálaí á cur san áireamh, d’fhéadfadh an tír úsáid a bhaint freisin as tionscnamh an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip i réimsí na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na nuálaíochta domhainteicneolaíochta, na dteicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, agus na mbith-theicneolaíochtaí agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta um speisialtóireacht chliste chun tacú le claochlú an tionscail.

(26) Anuas ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile an Aontais, tá roinnt dúshlán breise os comhair na Seicia a bhaineann le riarachán poiblí agus leis an iomaíochas.

(27) Tá brú á chur ar tharraingteacht riarachán poiblí na Seicia mar fhostóir agus ar chumas na státseirbhíse tallann a choinneáil. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás post saineolaithe, bainistíochta agus TF. Tháinig leasuithe ar Acht na Státseirbhíse i bhfeidhm in 2023, lenar tugadh isteach téarmaí oifige seasta do státseirbhísigh shinsearacha, próisis earcaíochta níos tapúla agus roghanna níos leithne chun iarratasóirí seachtracha a mhealladh. Mar sin féin, cuireann ilroinnt an bhainistithe acmhainní daonna bac ar

chur chuige níos córasaí maidir le bainistiú tallainne. Tá méid riarachán poiblí Phoblacht na Seice faoi bhun mheán an Aontais i gcaiteachas agus sa líon daoine atá fostaithe araon. Mar sin féin, tá an pá níos ísle ná san earnáil phríobháideach le haghaidh leibhéil oideachais inchomparáide agus tá laghdú níos mó ná 10 % tagtha air i dtéarmaí réadacha i gcomparáid le 2004, rud lena laghdaítear tarraingteacht na státseirbhíse a thuilleadh. Tá sé ríthábhachtach acmhainneacht riarachán poiblí na Seicia a neartú chun tallann a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar a éifeachtacht agus ar cháilíocht a seirbhísí.

(28) Tá ról ríthábhachtach ag riarachán poiblí na Seicia maidir le hiomaíochas an gheilleagair a choinneáil ar bun toisc go múnlaíonn sé an timpeallacht rialála agus an infheistíocht phoiblí, go háirithe i ndáil leis an dá aistriú. D'fhan feidhmíocht na hearnála poiblí agus éifeachtacht rialtais na Seicia cobhsaí agus gar do mheán an Aontais in 2022. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann maidir le stiúradh straitéiseach agus ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise. Chuige sin, ní mór an roinneachas a laghdú agus cumais stiúrtha straitéiseacha a neartú, chun comhsheasmhacht straitéisí a fheabhsú, mar aon lena gcur chun feidhme ar fud na mbeartas. Is toisc nach beag í acmhainneacht riaracháin áitiúil ilroinnte na Seicia a chuireann cosc, i measc nithe eile, ar thairbhithe beaga tarraingt go héifeachtúil ar chistí an Aontais. Thiocfadh feabhas ar ionsú na mbardas beag, na bhfiontar beag agus meánmhéide agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla dá dtabharfaí tacaíocht d'iarratasóirí, mar shampla trí bhainisteoirí tionscadail comhroinnte a cheapadh agus trí fhaisnéis chuimsitheach a sholáthar maidir le conas is féidir leo iarratas a dhéanamh ar chistiú ón Aontas in aon áit amháin. Is é an tosaíocht i ndáil leis sin tacaíocht spriocdhírithe a fhorbairt chun borradh a chur faoin acmhainneacht riaracháin áitiúil i réigiúin atá buailte go struchtúrach amhail Severozápad agus Moravskoslezsko. Léirítear sa dea-shampla a thug an Ciste um Aistriú Cóir go gcuirfí na réigiúin i ngníomh dá mbeadh ról níos láidre acu maidir lena riachtanais shonracha a chinneadh.

(29) Tá feidhmíocht nuálaíochta na Seicia fós á coinneáil siar de dheasca aistriú neamhéifeachtach teicneolaíochta agus eolais agus de dheasca naisc laga idir an saol acadúil agus an earnáil thionsclaíoch. Tá an caiteachas poiblí ar T&F arna mhaoiniú ag gnólachtaí fós thart ar leath de mheán an Aontais (0,023 % de OTI, i gcomparáid le 0,045 %), agus tá sé ag dul i laghad le blianta beaga anuas, rud lena léirítear an leibhéal íseal comhair idir an saol acadúil agus an saol gnó (agus na dreasachtaí don chomhar sin). Tá drochthionchar aige sin ar aistriú torthaí taighde isteach sa gheilleagar agus tá teorainn á cur aige le cumas nuálaíochta na Seicia, mar a léirítear, mar shampla, le hiarratais theoranta ar phaitinn, atá fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais (0,83 pointe céatadáin in aghaidh an bhilliún OTI in 2020, i gcomparáid le 3,4 pointe céatadáin). D'fhéadfadh bearta chun aistriú teicneolaíochta sa tSeicia a fheabhsú agus a neartú ó thaobh struchtúir de, agus atá dírithe go sonrach ar éifeachtúlacht an aistrithe teicneolaíochta a neartú agus cruthú seach-chuideachtaí a éascú, cuidiú le dul i ngleic leis an dúshlán sin. Tá coinne leis go soláthrófar tacaíocht nithiúil agus moltaí beartais don tSeicia le tionscadal de chuid na Saoráide Tacaíochta Beartais Físe, a gcuirfear tús leis an 9 Meitheamh 2024, a mhéid a bhaineann le naisc idir an eolaíocht agus an gnó a mhéadú.

(30) Tá laghdú ag teacht ar an rannpháirtíocht agus ar an ngnóthachtáil san ardoideachas, rud lena ngéaraítear an ganntanas oibrithe oilte. Léirítear sa ghnóthachtáil oideachais threasaigh i measc daoine idir 25 agus 34 bliana d'aois treocht anuas ó bhí 2021 ann agus tá sí sa cheathrú háit is ísle san Aontas (33,7 % vs meán an Aontais de 43,1 %), i bhfad ó sprioc an Aontais de 45 %. Idir 2016 agus 2021, tháinig laghdú 11,6 % ar an

líon mac léinn cláraithe agus tá na rátaí luathfhágála fós ard. Bíonn tacaíocht airgeadais do mhic léinn íseal go seasta (2,5 % den chaiteachas poiblí vs meán 18,8 % an Aontais), in ainneoin fianaise eimpíreach ina léirítear torthaí arda táirgiúlachta ar infheistíocht san ardoideachas.

(31) Is dúshlán práinneach fós é an ganntanas oibrithe agus an mhímheaitseáil scileanna, rud a chuireann bac ar iomaíochas gheilleagar na Seicia. D'fhéadfaí iad sin a fheabhsú trí bhearta amhail athchóiriú gairmeacha rialáilte agus rannpháirtíocht mhéadaithe comhairlí earnála de shaineolaithe chun aghaidh a thabhairt ar easpa oibrithe oilte atá ann le fada an lá. Ina theannta sin, tá an t-insreabhadh is airde *per capita* de dhaoine easáitithe ón Úcráin faoi chosaint shealadach faighte ag an tSeicia. Mar sin féin, tá níos mó ná 50 % díobh i bpoist nach bhfuil chomh cáilithe céanna ná mar a bhí an cás san Úcráin, agus tá an teanga á tuairisciú mar bhacainn fhollasach. Anuas air sin, mhaígh thart ar 30 % díobh freisin go bhfuil an t-aitheantas cáilíochta mar bhac ar phost níos fearr a fháil. Trí aitheantas do cháilíochtaí eachtracha a shimpliú agus rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair a mhéadú, lena n-áirítear daoine a easáitíodh ón Úcráin faoi chosaint shealadach, d'fhéadfaí an doichte sa mhargadh saothair a éascú.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an tSeicia in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a chur isteach go tráthúil. I gcomhréir le ceanglais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás sa ghlanchaiteachas[24] in 2025 go ráta atá comhsheasmhach leis an easnamh rialtais ghinearálta a choinneáil faoi luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, agus an fiachas rialtais ghinearálta a choinneáil ar leibhéal stuama sa mheántéarma. Bearta a dhéanamh chun inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach an chórais pinsean a áirithiú. Dídhreasachtaí cánach agus sochair maidir le filleadh ar an obair do thuismitheoirí a ísliú chun rannpháirtíocht níos airde na mban sa mhargadh saothair a chur chun cinn. Feabhas a chur ar dhreasachtaí do dhaoine atá gar do dhul ar scor chun leanúint de bheith ag obair. Bearta a dhéanamh chun an t-ioncam ó chánacha maoine athfhillteacha a mhéadú.

2. An acmhainneacht riaracháin a neartú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhainistiú, dlús a chur le hinfheistíochtaí agus móiminteam a choinneáil i gcur chun feidhme na n-athchóirithe. Aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna atá ag teacht chun cinn chun gur féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach pras éifeachtach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a luaithe a ghlacfar í, chun a áirithiú go dtabharfar athchóirithe agus infheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs a n-athbhreithnithe meántéarma, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, gníomhú chun acmhainní na hearnála príobháidí a shlógadh ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as ionstraimí nuálacha airgeadais, agus na deiseanna a chuireann tionscnamh an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas á gcur san áireamh an tráth céanna.

[24] De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

3. Acmhainneacht riarachán poiblí na Seicia a neartú chun tallann a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, go háirithe daoine a bhfuil scileanna anailíseacha, bainistíochta agus TF acu. An roinneachas a laghdú agus cumais stiúrtha straitéiseacha a neartú chun an chomhsheasmhacht a fheabhsú ar fud na mbeartas. Tacú le comhar i measc riaracháin bhardasacha, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'fhothú acmhainneachta riaracháin atá dírithe ar réigiúin atá buailte go struchtúrach.

4. Borradh a chur faoin nuálaíocht trí fheabhas a chur ar aistriú teicneolaíochta ón saol acadúil chuig gnólachtaí, trí thacú le cruthú seach-chuideachtaí agus gnólachtaí nuathionscanta, agus trí rannpháirtíocht san oideachas treasach a mhéadú. Iomaíochas an gheilleagair a neartú trí aghaidh a thabhairt ar an mímheatseáil scileanna, trí aitheantas cáilíochtaí eachtracha a shimpliú, agus trí rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear daoine ón Úcráin atá faoi chosaint shealadach, sa mhargadh saothair a mhéadú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán